Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12800/25

RECH 384

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás)) an 29-30 Meán Fómhair 2025*<br>An Pacáiste Fís Eorpach: Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2028-2034<br>(a) an Clár Réime agus a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh<br>(b) Clár Sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme<br>- Díospóireacht bheartais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta ón Uachtaránacht maidir le '**Taighde agus Nuálaíocht an Aontais le haghaidh dé-úsáide, slándála** agus cosanta' i bhfianaise na díospóireachta beartais a bheidh ann ag an gComhairle Iomaíochais an 30 Meán Fómhair 2025.

**IARSCRÍBHINN**

# TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AN AONTAIS LE HAGHAIDH DÉ-ÚSÁIDE, SLÁNDÁLA AGUS COSANTA

Tá an taighde agus an nuálaíocht ag éirí níos tábhachtaí i múnlú thodhchaí na hEorpa. Leis an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, cuireadh dlús leis an ngá atá le taighde agus nuálaíocht de chineál dé-úsáide agus, b'fhéidir, le béim ar fheidhmeanna cosanta. I bhfianaise na mbagairtí atá ag dul i méid agus na ndúshlán geopholaitiúil nua, ní mór don Eoraip a bheith in ann gníomhú.
I gcomhréir leis an gcur chuige atá glactha ag gníomhaithe domhanda eile, ní mór don Eoraip leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an taighde agus na nuálaíochta chomh maith le féachaint ar bhealaí chun leas a bhaint as na sineirgí idir taighde agus nuálaíocht shibhialta agus taighde agus nuálaíocht a bhaineann le cosaint.

Leis an togra le haghaidh an chéad Fís Eorpach eile, a ghlac an Coimisiún Eorpach an 16 Iúil, ceadaítear an fhéidearthacht tionscadail de chineál dé-úsáide a chistiú agus béim á leagan ar fheidhmeanna cosanta sa chlár Luasaire faoin gComhairle Nuálaíochta Eorpach. Cé go bhfuil gá le tuilleadh sonraí maidir leis an togra, tugtar isteach leis sin athrú ar raon feidhme i gcomparáid leis an gClár Réime atá ann faoi láthair.

Tá an togra i gcomhréir leis an moladh ó thuarascáil an ghrúpa ardleibhéil Manuel Heitor *Align, Act, Accelerate. Research, Technology and Innovation to boost European Competitiveness* [Ailínigh, Gníomhaigh, Géaraigh. Taighde, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht chun borradh a chur faoin Iomaíochas Eorpach] - a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024. Ba é moladh deiridh na tuarascála 'glacadh leis go bhfuil an dé-úsáid dosheachanta trí leas a bhaint as ar an dá bhealach' (aistriúchán neamhoifigiúil).

D'áitigh an grúpa ardleibhéil nach é 'cloí le hidirdhealú docht idir dé-úsáid agus taighde sibhialta an bealach is fearr chun cinn agus nár cheart an bealach sin a úsáid mar dhifreáil frámála sa chomhthéacs Eorpach' (aistriúchán neamhoifigiúil). Tarraingíodh aird sa tuarascáil ar dhá phríomhchúis leis an argóint sin. Ba é an chéad cheann ná 'i bhfianaise an chineáil uileláithrí is dual do go leor teicneolaíochtaí nua, is é atá i mbeagnach gach taighde, forbairt agus nuálaíocht ná 'dé-úsáid' (e.g. smaoinigh ar an idirlíon, IS, fóin phóca, ladrainn, róbait)' (aistriúchán neamhoifigiúil). Ba é an dara ceann ná 'i bhfianaise na riachtanas uileláithreach agus cuimsitheach a bhaineann le haon arm nua-aimseartha, is dual do réimse ar bith taighde a bheith ina réimse 'dé-úsáide' (e.g. sláinte, cothú, feidhmíocht an duine)' (aistriúchán neamhoifigiúil).

Ag an deireadh, rinne an grúpa ardleibhéil argóint ó thaobh airgeadais de: 'Tá deireadh le tairbhe eacnamaíoch na síochána a d'eascair as caiteachas míleata laghdaithe i dtíortha. Is é an dúshlán atá roimh thaighde, fhorbairt agus nuálaíocht na hEorpa tairbhe nua nuálaíochta a fháil ón méadú dosheachanta ar chaiteachas míleata' (aistriúchán neamhoifigiúil).

Is ábhar íogair é tionscadail, ar de chineál dé-úsáide iad agus lena ndíreofaí ar fheidhmeanna cosanta, a chumasú sa Chlár Réime. Dá bhrí sin, éilítear, maidir leis an togra chun dé-úsáid agus tionscadail lena ndírítear ar chur i bhfeidhm na cosanta a chur san áireamh sa chéad Fís Eorpach, go ndéanfaí machnamh críochnúil ar, mar shampla, an tionchar a bheidh ann, ar gheallsealbhóirí nua a bhfuil baint acu le tionscadail, ar láimhseáil sonraí íogaire, ar chomhar le tríú tíortha agus ar ghnéithe slándála.

Sa chomhthéacs sin, iarrtar ar na hAirí Taighde a dtuairimí a roinnt maidir leis na príomhcheisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na deiseanna a fheiceann sibh sa chur chuige nua seo chun iomaíochas agus athléimneacht na hEorpa a neartú agus a fheabhsú a thuilleadh?

2. Cad iad na híogaireachtaí sonracha is gá dúinn a bhreithniú agus an Clár Réime á oscailt?

3. Conas ba cheart tacú le tionscadail dé-úsáide agus tionscadail lena ndírítear ar fheidhmeanna cosanta ar feadh an chéad chláir Fís Eorpach eile?